RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1771 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le córais agus comhdhamhnaí bainistithe aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1032/2006, (CE) Uimh. 633/2007 agus (CE) Uimh. 262/2009

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 43(1), pointí (a), (e) agus (f), Airteagal 44(1), pointe (a), agus Airteagal 62(15), pointí (a) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 140(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, tá na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Rialachán aisghairthe (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) le hoiriúnú d'fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1139, tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos ceanglais choiteanna maidir le soláthar seirbhísí bainistithe aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta ('BAT/SAL') agus feidhmeanna líonra bainistithe aerthráchta ('feidhmeanna líonra BAT') eile maidir leis an ngnáth-aerthrácht agus maoirseacht an ghnáth-aerthráchta.

(3) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 ón gCoimisiún ([4]), tá córais BAT/SAL agus comhdhamhnaí BAT/SAL ('trealamh BAT/SAL') faoi réir deimhniúcháin nó dearbhaithe ag eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh nó le táirgeadh trealaimh BAT/SAL. Chun a áirithiú go ndéanfar suiteáil agus tástáil an trealaimh sin ar an láthair go hiomchuí, agus gur go sábháilte a chuirfear i mbun seirbhíse é, agus go ndéanfar formhaoirseacht air, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a leasú chun na ceanglais is gá agus is infheidhme maidir le soláthraithe BAT/SAL, agus le húdaráis inniúla na soláthraithe sin, a áireamh.

(4) Chun leanúnachas na gceanglas maidir le húsáid trealamh BAT/SAL a áirithiú, ba cheart na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a bhunú ar na rialacha cur chun feidhme ábhartha arna nglacadh ar bhonn Rialachán aisghairthe (CE) Uimh. 552/2004 maille le hoiriúnuithe is gá.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (an Rialachán idir-inoibritheachta) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna bainistithe líonra eile a maoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011, (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 an 12 Meán Fómhair 2023 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin um fhormheas eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh nó le táirgeadh na gcóras bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus a gcomhdhamhnaí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 (Féach leathanach 19 den Iris Oifigiúil seo).

(5) Go háirithe, le Rialachán (CE) Uimh. 1032/2006 ón gCoimisiún ([5]), leagtar síos na ceanglais maidir le córais uathoibríocha le haghaidh mhalartú uathoibríoch sonraí eitilte chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta; Le Rialachán (CE) Uimh. 633/2007 ón gCoimisiún ([6]) leagtar síos na ceanglais maidir le cur i bhfeidhm prótacal aistrithe teachtaireachta eitilte a úsáidtear chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta, agus le Rialachán (CE) Uimh. 262/2009 ón gCoimisiún ([7]) leagtar síos na ceanglais maidir le leithdháileadh comhordaithe agus le húsáid cód ceistiúcháin Mhód S le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SES). Ba cheart na ceanglais sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373.

(6) Ceanglais a bhaineann leis an gcumarsáid idir aer agus talamh a úsáideann spásáil cainéal 8,33 kHz agus a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 ón gCoimisiún ([8]), níl feidhm acu maidir le seirbhísí nach soláthraítear san Aerspás Eorpach Aonair lasmuigh de réigiún Eorpach (EUR) na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) mar a shainítear in *European (EUR) Air Navigation Plan* [Plean Eorpach Aerloingseoireachta] Imleabhar I (Doic. 7754) de chuid ICAO ná i Réigiún Faisnéise Eitilte (FIR)/Réigiún Faisnéise Eitilte Uasta (UIR) na nOileán Canárach toisc nár thug a ndálaí áitiúla údar cuí leordhóthanach le gá a bheith ann na ceanglais sin a chur i bhfeidhm. Ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir leis an raon feidhme infheidhmeachta céanna.

(7) Rinneadh foráil le hAirteagal 14(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 maidir le díolúintí ón oibleagáid na sannuithe minicíochta uile a thiontú de réir spásáil cainéal 8,33 kHz. Níor cheart athrú a dhéanamh ar na díolúintí atá ann cheana leis an Rialachán seo.

(8) Ceanglais a bhaineann le cóid chóras ceistiúcháin Mhód S a leithdháileadh agus a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 262/2009 ón gCoimisiún, níl feidhm acu maidir le seirbhísí a sholáthraítear san Aerspás Eorpach Aonair lasmuigh de réigiún EUR ICAO i ngeall ar mhéid íseal a thráchta áitiúil agus ar a shuíomh geografach, is é sin, gan de theorainn aerspáis acu ach le haerspás a bhfuil soláthraithe BAT/SAL tríú tír freagrach as, rud a thugann údar cuí le socruithe comhordúcháin áitiúla difriúla le stáit mháguaird nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad. Ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir leis an raon feidhme infheidhmeachta céanna.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a leasú dá réir sin agus ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1032/2006, (CE) Uimh. 633/2007 agus (CE) Uimh. 262/2009 a aisghairm.

(10) Ábhar an Mháistirphlean BAT agus na cumais chumarsáide, loingseoireachta agus faireachais atá ann, tugadh san áireamh go cuí iad agus na ceanglais sa Rialachán seo á bhforbairt.

(11) Tá bearta molta ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i dTuairim Uimh. 01/2023 ([9]) uaithi i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c), agus le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1032/2006 an 6 Iúil 2006 ón gCoimisiún lena leagtar síos na ceanglais maidir le córais uathoibríocha le haghaidh malartú uathoibríoch sonraí eitilte chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (IO L 186, 7.7.2006, lch. 27).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 633/2007 an 7 Meitheamh 2007 ón gCoimisiún lena leagtar síos na ceanglais maidir le prótacal aistrithe teachtaireachta eitilte a úsáidtear chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (IO L 146, 8.6.2007, lch. 7).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 262/2009 an 30 Márta 2009 ón gCoimisiún lena leagtar síos na ceanglais maidir le leithdháileadh comhordaithe agus úsáid cód ceistiúcháin Mhodh S le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 84, 31.3.2009, lch. 20).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2012 lena leagtar síos na ceanglais maidir le spásáil cainéal gutha le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (IO L 320, 17.11.2012, lch. 14).

([9]) https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) ciallaíonn 'Bainisteoir Líonra' an comhlacht a gcuirtear ar a iontaoibh na cúraimí is gá chun na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 a fhorghníomhú;'

(b) cuirtear isteach na pointí (9), (10), (11), (12) agus (13) seo a leanas:

'(9) ciallaíonn 'córas ceistiúcháin Mhód S' córas atá comhdhéanta d'aeróga agus de leictreonaic, a thacaíonn le haerárthaí aonair tríd an Mód Roghnaigh ('Mód S');

(10) ciallaíonn 'córas ceistiúcháin Mhód S' incháilithe córas ceistiúcháin Mhód S dá chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) braitheann an córas ceistiúcháin, go páirteach ar a laghad, ar cheistithe agus ar fhreagraí ghlaonna uile Mhód S chun spriocanna Mhód S a fháil;

(b) spriocanna Mhód S a fhaightear mar fhreagra ar cheistithe ghlaonna uile Mhód S, déanann an córas ceistiúcháin iad a ghlasáil, go buan nó go treallach, i gcuid nó in iomlán a chumhdaigh; nó

(c) úsáideann an córas ceistiúcháin prótacail cumarsáide il-láithreáin le haghaidh feidhmchláir nasctha sonraí;

(11) ciallaíonn 'oibreoir Mhód S' duine, eagraíocht nó fiontar a oibríonn nó a thairgeann córas ceistiúcháin Mhód S a oibriú, lena n-áirítear:

(a) soláthraithe seirbhísí faireachais;

(b) Monaróirí chóras ceistiúcháin Mhód S;

(c) oibreoirí aeradróim;

(d) bunaíochtaí taighde;

(e) aon eintiteas eile atá i dteideal córas ceistiúcháin Mhód S a oibriú;

(12) ciallaíonn 'trasnaíocht dhíobhálach' trasnaíocht a chuireann cosc ar bhaint amach na gceanglas feidhmíochta;

(13) ciallaíonn 'plean um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin' an tacar iomlán is déanaí a formheasadh de chóid na gcóras ceistiúcháin a leithdháileadh.';

(2) in Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír 6a seo a leanas:

'6a. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar trasnaíocht dhíobhálach ar chórais faireachais eile i ngeall ar úsáid a bheith á baint as tarchuradóir ar talamh a oibrítear ina chríoch.';

(3) cuirtear na hAirteagail 3e agus 3f seo a leanas isteach:

'*Airteagal 3e*

Cóid cheistiúcháin Mhód S a leithdháileadh

1. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le hathruithe a dhéantar ar leithdháileadh cóid cheistiúcháin de thoradh nuashonrú a bheith déanta ar an bplean um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin, go gcuirtear in iúl iad d'oibreoirí ábhartha Mhód S faoina n-údarás laistigh de 14 lá féilire ón lá a fhaightear an plean nuashonraithe um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin.

2. Déanfaidh na Ballstáit taifead, a bheidh cothrom le dáta de leithdháileadh agus d'úsáid chóid na gcóras ceistiúcháin ag córais ceistiúcháin Mhód S incháilithe laistigh dá limistéar freagrachta, a chur ar fáil do na Ballstáit eile, gach 6 mhí ar a laghad tríd an gcóras um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin.

3. I gcás ina mbeidh forluí i gceist idir cumhdach chóras ceistiúcháin Mhód S laistigh de limistéar freagrachta Ballstáit agus cumhdach chóras ceistiúcháin Mhód S atá lonnaithe laistigh de limistéar freagrachta tríú tír, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) áirithiú go gcuirfear an tríú tír ar an eolas faoi na ceanglais maidir le sábháilteacht a bhaineann le cóid cheistiúcháin a leithdháileadh agus a úsáid;

(b) na bearta is gá a dhéanamh chun úsáid na gcód chóid ceistiúcháin a chomhordú leis an tríú tír áirithe.

4. Tabharfaidh Ballstát fógra do na soláthraithe seirbhíse aerthráchta atá faoina dhlínse faoi chórais cheistiúcháin Mhód S a oibríonn faoi fhreagracht tríú tír nach bhfuil leithdháileadh cód córas ceistiúcháin Mhód S comhordaithe lena n-aghaidh.

5. Déanfaidh na Ballstáit seiceáil ar bhailíocht na n-iarratas ar chód ceistiúcháin a fhaightear ó oibreoirí Mhód S sula gcuirfidh siad cóid cheistiúcháin ar fáil tríd an gcóras um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin lena gcomhordú mar a leagtar síos i bpointe 15 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún (*).

6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh oibreoirí Mhód S, seachas soláthraithe seirbhíse faireachais, pointe CNS.TR.205 in Iarscríbhinn VIII.

7. Na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 go 6, ní bheidh feidhm acu san Aerspás Eorpach Aonair nach bhfuil ina chuid de réigiún Eorpach (EUR) na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

Airteagal 3f

Úsáid an aerspáis Eorpaigh aonair

1. I gcomhthéacs na cosanta speictrim, áiritheoidh na Ballstáit maidir le trasfhreagróir a ghabhann le radar tánaisteach faireachais ar bord aon aerárthaigh a bheidh ag eitilt os cionn Ballstáit, nach mbeidh an trasfhreagróir sin faoi réir ceistithe iomarcacha arna dtarchur ag córais ceistiúcháin faireachais ar talamh agus a spreagann freagraí, nó i gcás nach spreagfaidh siad freagra, a mbeidh cumhacht leordhóthanach i gceist leo chun íosleibhéal tairsí ghlacadóir an trasfhreagróra a ghabhann leis an radar tánaisteach faireachais a shárú. I gcás easaontais idir na Ballstáit maidir le bearta is gá, tabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann an t-ábhar chun an Choimisiúin le gníomhú ina leith.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtiontófar na sannuithe minicíochta gutha uile de réir spásáil cainéal 8,33 kHz. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais i maidir le tiontú i dtaca le sannuithe minicíochta:

(a) ar minicíochtaí iad a fhanfaidh laistigh de spásáil cainéal 25 kHz ar na minicíochtaí seo a leanas:

(1) an mhinicíocht éigeandála (121,5 MHz);

(2) an mhinicíocht thánaisteach le haghaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála (123,1 MHz);

(3) na minicíochtaí nasc digiteach VHF (MVD) a shanntar le húsáid laistigh den Aerspás Eorpach Aonair;

(4) minicíochtaí an chórais seolacháin agus tuairiscithe cumarsáide aerárthaí (ACARS) (131,525 MHz, 131,725 MHz agus 131,825 MHz);

(b) i gcás ina mbainfear úsáid as oibríocht iompróra seach-churtha laistigh de spásáil cainéal 25 kHz.

3. Na ceanglais a leagtar síos i mír 2, ní bheidh feidhm acu san Aerspás Eorpach Aonair nach bhfuil ina chuid de réigiún EUR na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) ná i Réigiún Faisnéis Eitilte (FIR)/Réigiún Faisnéis Eitilte Uasta (UIR) na nOileán Canárach.

4. Na díolúintí ón oibleagáid a áirithiú go dtiontófar na sannuithe minicíochta uile de réir spásáil cainéal 8,33 kHz le haghaidh cásanna ag a bhfuil tionchar teoranta ar an ngréasán arna ndeonú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1079/2012 a cuireadh in iúl don Choimisiún, beidh siad bailí fós.

5. Bunóidh agus foilseoidh na Ballstáit i bhfoilseacháin faisnéise aerloingseoireachta náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, na nósanna imeachta um láimhseáil aerárthaí nach bhfuil na nithe seo a leanas feistithe iontu:

(a) trasfhreagróirí Mhód S a ghabhann le radar tánaisteach faireachais;

(b) raidiónna ag a bhfuil cumas spásála cainéal 8,33 kHz.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna gréasáin bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1).'

(4) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, VIII, IX, X agus XII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1032/2006, (CE) Uimh. 633/2007 agus (CE) Uimh. 262/2009.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, VIII, IX, X agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear pointe (30a) seo a leanas isteach:

'(30a) ciallaíonn "trealamh BAT/SAL" comhdhamhnaí BAT/SAL mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2018/1139, agus córais BAT/SAL mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) den Rialachán sin, seachas comhdhamhnaí aerbheirthe, atá faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún (*);

_____

(*) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1)';

(b) cuirtear pointe (34a) seo a leanas isteach:

'(34a) ciallaíonn "teorainn" plána cliathánach nó ingearach lena ndéantar an t-aerspás, ina soláthraíonn aonad ATC seirbhísí aerthráchta, a idirdhealú;';

(c) cuirtear pointí (39a) agus (39b) seo a leanas isteach:

'(39a) ciallaíonn "sonraí comhordúcháin" sonraí is inspéise d'fhoireann oibríochtúil i dtaca leis an bpróiseas chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú, agus i dtaca le próiseas an chomhordaithe shibhialta-mhíleata;

(39b) ciallaíonn "pointe comhordúcháin" (COP) pointe ar an teorainn nó lena hais a úsáideann na haonaid ATC agus dá dtagraítear i bpróisis chomhordaithe;';

(d) cuirtear pointe (40a) seo a leanas isteach:

'(40a) ciallaíonn "seirbhís nasctha sonraí" tacar d'idirbhearta bainistíochta aerthráchta gaolmhara, lena dtacaíonn cumarsáid an nasctha sonraí idir aer agus talamh, ag a bhfuil sprioc oibriúcháin a shainítear go soiléir agus ar teagmhas oibríochtúil is tús agus deireadh dóibh;';

(e) cuirtear pointe (46a) seo a leanas isteach:

'(46a) ciallaíonn "cód ceistiúcháin incháilithe" aon chód i measc chóid II agus chóid SI, seachas:

(a) II cód 0;

(b) an cód ceistiúcháin (na cóid cheistiúcháin) atá forchoimeádta le haghaidh eintitis mhíleata, lena n-áirítear eagraíochtaí idir-rialtasacha agus go háirithe bainistíocht agus leithdháileadh de chuid Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh;';

(f) cuirtear an pointe (47a) seo a leanas isteach:

'(47a) ciallaíonn "sonraí meastacháin" an pointe comhordúcháin, am measta an aerárthaigh agus leibhéal eitilte an aerárthaigh lena bhfuil coinne ag an bpointe comhordaithe;';

(g) cuirtear pointe (62a) seo a leanas isteach:

'(62a) ciallaíonn "seicheamh feidhmiúcháin" an seicheamh faoi cheangal ama lena cuirfear leithdháileadh na gcód ceistiúcháin chun feidhme agus arb é an seicheamh sin is gá d'oibreoirí Mhód S a chomhlíonadh chun coimhlintí cóid sealadacha idir chórais cheistiúcháin a sheachaint;';

(h) cuirtear pointe (73a) seo a leanas isteach:

(73a) ciallaíonn "aonad dá dtugtar fógra" an t-aonad ATC a fuair faisnéis an fhógra;';

(i) cuirtear pointe (81a) seo a leanas isteach:

'(81a) ciallaíonn "aonad fála" an t-aonad rialaithe aerthráchta a fhaigheann sonraí;';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (88):

'(88) ciallaíonn "treoir maidir le sábháilteacht" doiciméad arna eisiúint nó arna ghlacadh ag údaráis inniúil:

(1) lena sainordaítear gníomhaíochtaí atá le feidhmiú ar chóras feidhmiúil nó lena leagtar srianta ar a úsáid oibríochtúil síos chun an tsábháilteacht a athbhunú i gcás inar léir ón bhfianaise go bhféadfadh an tsábháilteacht eitlíochta a bheith i mbaol murach sin; nó

(2) lena sainordaítear gníomhaíochtaí atá le feidhmiú ar threalamh BAT/SAL atá faoi réir an ráitis chomhlíontachta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 ón gCoimisiún (*) chun aghaidh a thabhairt ar dháil neamhsháibháilte nó neamhshlán, nó ar an dá chineál dála, atá aitheanta agus chun feidhmíocht agus idir-inoibritheacht an trealaimh BAT/SAL sin a athbhunú i gcás inar léir ón bhfianaise go bhféadfadh sábháilteacht, slándáil, feidhmíocht nó idir-inoibritheacht an trealaimh áirithe sin a bheith i mbaol murach sin.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 an 14 Iúil 2023 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniúchán agus dearbhú córas bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta (IO L 228, 15.9.2023, lch. 1)';

(k) cuirtear pointí (107a) agus (107b) seo a leanas isteach:

'(107a) ciallaíonn "suíomh oibre" an troscán agus an trealamh teicniúil ar leis a dhéanann ball d'fhoireann na seirbhísí aerthráchta cúram atá bainteach lena phost;

(107b) ciallaíonn "rabhadh" teachtaireacht a thaispeántar ag suíomh oibre nuair a theipfear ar phróiseas comhordúcháin uathoibrithe;';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe ATM/ANS.AR.A.020, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht gan moill mhíchuí i gcás ina mbeidh aon fhadhb shuntasach ann maidir le cur chun feidhme fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn nó maidir le cur chun feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004 agus (CE) Uimh. 551/2004 is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATM/ANS.AR.A.030:

'**ATM/ANS.AR.A.030 Treoracha maidir leis an tsábháilteacht**

(a) Eiseoidh an t-údarás inniúil treoir maidir leis an tsábháilteacht nuair a chinnfidh sé go mbeidh aon cheann díobh seo a leanas ann:

(1) dáil neamhsháibháilte i gcóras feidhmiúil nach mór gníomhú ina leith láithreach;

(2) dáil neamhsháibháilte, neamhshlán, tearcfheidhmíochta nó neamh-idirinoibritheachta sa trealamh atá faoi réir an ráitis chomhlíontachta i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 agus is dócha go mbeidh an dáil sin i dtrealamh BAT/SAL eile nó go dtiocfaidh an dáil sin chun ann.

(b) Cuirfear an treoir maidir leis an tsábháilteacht ar aghaidh chuig na soláthraithe BAT/SAL lena mbaineann agus beidh an fhaisnéis seo a leanas inti, ar a laghad:

(1) sainaithint na dála neamhsháibháilte;

(2) sainaithint an chórais fheidhmiúil dá ndéantar difear;

(3) na gníomhaíochtaí a cheanglaítear agus an réasúnaíocht leo;

(4) an teorainn ama maidir cur i gcrích na ngníomhaíochtaí a cheanglaítear;

(5) dáta a teacht i bhfeidhm.

(c) Cuirfidh an t-údarás inniúil cóip den treoir maidir leis an tsábháilteacht ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht agus chuig aon údarás inniúil eile lena mbaineann laistigh de mhí amháin ó thráth a heisithe.

(d) Fíoróidh an t-údarás inniúil comhlíontacht na soláthraithe BAT/SAL leis na treoracha maidir leis an tsábháilteacht agus leis na treoracha maidir le trealamh BAT/SAL, de réir mar is infheidhme.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) de ATM/ANS.AR.C.005:

'(a) Faoi raon feidhme phointe ATM/ANS.AR.B.001(a)(1), bunóidh an t-údarás inniúil próiseas chun an méid seo a leanas a fhíorú:

(1) comhlíontacht na soláthraithe seirbhíse leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinní III go XIII, agus le haon choinníoll is infheidhme arna cur i gceangal leis an deimhniú roimh eisiúint an deimhnithe sin. Eiseofar an deimhniú i gcomhréir le Foscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;

(2) an chomhlíontacht le haon oibleagáid a bhaineann leis an tsábháilteacht sa ghníomh ainmniúcháin arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004;

(3) an chomhlíontacht leantach leis na ceanglais is infheidhme maidir leis na soláthraithe seirbhíse atá faoina fhormhaoirseacht;

(4) cur chun feidhme chuspóirí na sábháilteachta, na slándála agus na hidir-inoibritheachta, cur chun feidhme na gceanglas is infheidhme agus coinníollacha eile a shainaithnítear sa ráiteas comhlíontachta le haghaidh trealaimh BAT/SAL; teorainneacha agus coinníollacha teicniúla agus feidhmíochta a shainaithnítear i ndeimhnithe trealaimh BAT/SAL agus/nó i ndearbhuithe trealaimh BAT/SAL; agus na mbeart sábháilteachta, lena n-áirítear treoracha maidir le trealamh BAT/SAL arna sainordú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe ATM/ANS.EQMT.AR.A.030 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768;

(5) agus cur chun feidhme na dtreoracha maidir leis an tsábháilteacht, na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha agus na mbeart forfheidhmithe';

(d) leasaítear pointe ATM/ANS.AR.C.050 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c), (d), (e) agus (f):

'(c) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 1 nuair a bhraithfear aon neamhchomhlíontacht tromchúiseach leis na ceanglais is infheidhme de Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn mar aon le Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004 agus (CE) Uimh. 551/2004 agus a rialacha cur chun feidhme, le nósanna imeachta agus lámhleabhair an tsoláthraí BAT/SAL, le téarmaí agus coinníollacha an deimhnithe, leis an ngníomh ainmniúcháin, más infheidhme, nó le hábhar dearbhaithe, rud a chuireann sábháilteacht eitilte i mbaol suntasach nó a chuireann amhras faoi chumas an tsoláthraí seirbhíse leanúint le hoibríochtaí.

Áireofar ar thorthaí leibhéal 1 na nithe seo a leanas, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo:

(1) nósanna imeachta oibríochta a chur chun cinn agus/nó seirbhís a sholáthar ar bhealach a chruthaíonn riosca suntasach do shábháilteacht eitilte;

(2) bailíocht dheimhniú an tsoláthraí seirbhíse a fháil nó a choinneáil ar bun trí fhianaise dhoiciméadach fhalsaithe a chur isteach;

(3) fianaise ar mhíchleachtas nó ar úsáid chalaoiseach dheimhniú an tsoláthraí seirbhíse;

(4) easpa bainisteoir cuntasach.

(d) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 2 nuair a bhraithfear aon neamhchomhlíontacht eile i ndáil leis na ceanglais is infheidhme de Rialachán (AE) 2018/1139 agus de na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, mar aon le Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004 agus (CE) Uimh. 551/2004 agus dá rialacha cur chun feidhme, le nósanna imeachta agus lámhleabhair an tsoláthraí BAT/SAL nó le téarmaí agus coinníollacha an deimhnithe, nó le hábhar an dearbhaithe.

(e) I gcás ina mbraithfear toradh, le linn formhaoirseachta nó ar aon mhodh eile, déanfaidh an t-údarás inniúil, gan dochar d'aon ghníomhaíocht bhreise a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha tarmligthe agus na ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn, mar aon le Rialacháin (CE) Uimh. 549/2004, (CE) Uimh. 550/2004, agus (CE) Uimh. 551/2004 agus a rialacha cur chun feidhme, an toradh a chur in iúl i scríbhinn don soláthraí seirbhíse agus é a chur de cheangal air gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht/na neamhchomhlíontachtaí a sainaithníodh.

(1) I gcás thorthaí leibhéal 1, déanfaidh an t-údarás inniúil gníomhaíocht iomchuí láithreach agus iomchuí agus féadfaidh sé, más iomchuí, an deimhniú a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm i bpáirt nó ina iomláine agus leanúnachas na seirbhísí á áirithiú lena linn sin ar choinníoll nach mbeidh an tsábháilteacht i mbaol, agus i gcáis an Bhainisteora Ghréasáin, cuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún ar an eolas faoi. Braithfidh na bearta a dhéanfar ar fhairsinge an toraidh agus fanfaidh siad i bhfeidhm go dtí go mbeidh gníomhaíocht cheartaitheach rathúil déanta ag an soláthraí BAT/SAL.

(2) I gcás torthaí leibhéal 2, déanfaidh an t-údarás inniúil:

(i) tréimhse chur chun feidhme gníomhaíochta ceartaithí, a áireofar le plean gníomhaíochta a bheidh iomchuí do chineál an toraidh, a dheonú don soláthraí seirbhíse;

(ii) measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht cheartaitheach agus ar an bplean cur chun feidhme atá beartaithe ag an soláthraí seirbhíse, agus, má chinntear sa mheasúnú gur leor iad chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht/na neamhchomhlíontachtaí, glacadh leo.

(3) I gcás thorthaí leibhéal 2, i gcás nach gcuirfidh an soláthraí seirbhíse plean gníomhaíochta ceartaithí isteach, a bheidh inghlactha don údaráis inniúil i bhfianaise an toraidh, nó i gcás nach bhfeidhmeoidh an soláthraí seirbhíse an ghníomhaíocht cheartaitheach laistigh den tréimhse ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir sé síneadh léi, féadfar an toradh a ardú go toradh leibhéal 1 agus déanfar gníomhaíocht mar a leagtar síos i bpointe (1).

(f) I gcás ina mbraithfidh an t-údarás inniúil go gcomhtháthaíonn an soláthraí BAT/SAL trealamh BAT/SAL ina chuid dá chóras feidhmiúil gan a áirithiú go gcomhlíonfar pointe ATM/ANS.OR.A.045(g), déanfaidh an t-údarás inniúil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá le sábháilteacht agus le leanúnachas na n-oibríochtaí a áirithiú, gach beart is gá chun limistéar chur i bhfeidhm an trealaimh BAT/SAL lena mbaineann a shrianadh nó úsáid an trealaimh sin ag na soláthraithe BAT/SAL atá faoina fhormhaoirseacht a thoirmeasc.';

(ii) cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

'(g) I gcásanna nach n-éilítear leo torthaí leibhéal 1 agus 2, féadfaidh an t-údarás inniúil barúlacha a eisiúint.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i bpointe ATM/ANS.OR.A.045, cuirtear na pointí (g) go (j) seo a leanas isteach:

'(g) Sula ndéanfar trealamh BAT/SAL a chomhtháthú ina chuid den chóras feidhmiúil, áiritheoidh an soláthraí BAT/SAL an méid seo a leanas:

(1) go mbeidh trealamh BAT/SAL nua nó modhnaithe deimhnithe ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 agus monaraithe ag eagraíocht deartha nó táirgthe fhormheasta de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2023/1769 (*); nó

(2) go mbeidh trealamh BAT/SAL nua nó modhnaithe dearbhaithe ag eagraíocht deartha fhormheasta de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 agus monaraithe ag eagraíocht deartha nó táirgthe fhormheasta de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769; nó

(3) go n-eiseofar ráiteas comhlíontachta maidir le trealamh BAT/SAL nua nó modhnaithe i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768; nó

(4) nó i gcás nach mbeidh an trealamh BAT/SAL faoi réir an mheasúnaithe comhréireachta faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768, go mbeidh an trealamh BAT/SAL áirithe fíoraithe chun na sonraíochtaí agus cáilíochtaí is infheidhme a chomhlíonadh.

(h) Áiritheoidh an soláthraí BAT/SAL go mbeidh an trealamh BAT/SAL fíoraithe chun sonraíochtaí mhonaróir an trealaimh a chomhlíonadh, lena n-áirítear sonraíochtaí maidir leis an tsuiteáil agus tástáil (tástálacha) ar an láthair.

(i) Sula gcuirfidh an soláthraí BAT/SAL an trealamh BAT/SAL i mbun seirbhíse, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh an córas feidhmiúil modhnaithe lena gcomhtháthaítear an trealamh B sin na ceanglais uile is infheidhme agus sainaithneoidh an soláthraí na héagsúlachtaí agus na teorannuithe uile.

(j) Nuair a chuirfidh an soláthraí BAT/SAL an trealamh BAT/SAL i mbun seirbhíse, áiritheoidh sé go gcuirfear an trealamh BAT/SAL, nó an trealamh modhnaithe, in úsáid de réir na gcoinníollacha úsáide, agus de réir aon teorannú is infheidhme chomh maith, agus go gcomhlíonfaidh an trealamh sin na ceanglais uile is infheidhme.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1769 an 12 Meán Fómhair 2023 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin um fhormheas eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh nó le táirgeadh na gcóras bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus a gcomhdhamhnaí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/203 (IO L 228, 15.9.2023, lch. 19)';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATM/ANS.OR.A.060:

'**ATM/ANS.OR.A.060 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta**

(a) Cuirfidh soláthraí seirbhíse aon bheart sábháilteachta chun feidhme, lena n-áirítear treoracha maidir leis an tsábháilteacht, arna sainordú ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe ATM/ANS.AR.A.025(c).

Nuair a eiseofar treoir maidir leis an tsábháilteacht chun an dáil a chur ina ceart dá dtagraítear sa ráiteas comhlíontachta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768, déanfaidh an soláthraí BAT/SAL an méid seo a leanas, mura gcinnfidh an t-údarás inniúil a mhalairt i gcás ina mbeidh gá le gníomhaíocht phráinneach:

(1) gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a mholadh agus mionsonraí an togra sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil lena bhformheas;

(2) tar éis don údarás inniúil an togra sin a fhormheas, é a chomhlíonadh.';

(c) i bpointe (a) de ATM/ANS.OR.B.005, cuirtear an pointe (8) seo a leanas leis:

'(8) próiseas chun a áirithiú maidir le dearadh trealaimh BAT/SAL, nó leis na hathruithe ar a dhearadh, faoi réir Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 , go gcomhlíonfar na sonraíochtaí is infheidhme, lena n-áirítear feidhm sheiceála neamhspleách a bheith i gceist le léiriú na comhlíontachta ar ar a bonn sin a eisíonn an soláthraí BAT/SAL ráiteas comhlíontachta agus an doiciméadacht chomhlíontachta atá bainteach leis.'

(d) leasaítear ATM/ANS.OR.D.025 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Soláthróidh an Bainisteoir Líonra tuarascáil bhliantúil maidir lena chuid gníomhaíochtaí don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht. Cumhdófar a fheidhmíocht oibríochtúil leis an tuarascáil sin mar aon le gníomhaíochtaí agus forbairtí suntasacha go háirithe i réimse na sábháilteachta.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(3):

'(3) ó thaobh an Bhainisteora Líonra de, a fheidhmíocht i gcomparáid leis na cuspóirí feidhmíochta arna leagan síos sa Phlean Straitéise Líonra, agus an fheidhmíocht iarbhír á cur i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht arna leagan amach sa Phlean Oibriúcháin Líonra trí úsáid a bhaint as na táscairí feidhmíochta arna leagan síos sa Phlean Oibriúcháin Líonra;'

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATS.OR.400:

'**ATS.OR.400 Seirbhís mhóibíleach aerloingseoireachta (cumarsáid idir aer agus talamh) – ginearálta**

(a) Úsáidfidh soláthraí seirbhísí aerthráchta nasc gutha nó sonraí, nó an dá cheann, sa chumarsáid idir aer agus talamh chun críoch seirbhísí aerthráchta.

(b) Nuair a bheidh an chumarsáid ghutha idir aer agus talamh bunaithe ar spásáil cainéal 8,33 kHz, áiritheoidh soláthraí seirbhísí aerthráchta an méid seo a leanas:

(1) go n-áireofar cumas spásála cainéal 8,33 kHz ar mhíreanna uile an trealaimh le haghaidh na cumarsáide gutha idir aer agus talamh agus go mbeifear in ann na míreanna uile a thiúnáil chun cainéil spásáilte 25 kHz a fháil;

(2) go mbeidh cumas spásála cainéal 8,33 kHz ag na sannuithe minicíochta gutha uile;

(3) maidir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haerárthaigh, a mbeidh raidiónna ag a bhfuil cumas spásála cainéal 8,33 kHz feistithe iontu, agus maidir le haerárthaigh nach bhfuil an trealamh sin feistithe iontu, a bheidh faoi réir a n-aistrithe idir aonaid seirbhísí aerthráchta, go sonrófar na nósanna imeachta sin i litreacha an chomhaontaithe idir na haonaid ATS sin;

(4) maidir le haerárthaigh nach bhfuil raidiónna ag a bhfuil cumas spásála cainéal 8,33 kHz feistithe iontu, gur féidir freastal orthu ar choinníoll gur féidir iad a láimhseáil go sábháilte laistigh de theorainneacha acmhainneachta an chórais um bainistíocht aerthráchta ar shannuithe minicíochta UHF nó 25 kHz; agus

(5) go ndéanfaidh sé, ar bhonn bliantúil, na pleananna dá chuid um aerárthaí Stáit a láimhseáil nach bhfuil raidiónna ag a bhfuil cumas spásála cainéal 8,33 kHz feistithe iontu a chur in iúl don Bhallstát ag bhfuil sé ainmnithe, agus na teorainneacha acmhainneachta atá bainteach leis na nósanna imeachta, arna bhfoilsiú ag na Ballstáit ina bhfoilseacháin faisnéise aerloingseoireachta náisiúnta (AIPanna), á gcur san áireamh.

(c) Nuair a úsáidfear cumarsáid an nasctha dhírigh gutha nó sonraí dhá threo idir rialtóir is píolóta chun an tseirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar, soláthróidh an soláthraí seirbhísí aerthráchta saoráidí taifeadta ar gach cainéal cumarsáide idir aer agus talamh den sórt sin.

(d) Nuair a úsáidfear cumarsáid an nasctha dhírigh gutha nó sonraí dhá threo idir aer agus talamh chun an tseirbhís faisnéise eitilte a sholáthar, lena n-áirítear an tseirbhís faisnéise eitiltí aeradróim (AFIS), soláthróidh an soláthraí seirbhísí aerthráchta saoráidí taifeadta ar gach cainéal cumarsáide idir aer agus talamh den sórt sin, mura bhforordóidh an t-údarás inniúil a mhalairt.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATS.OR.415:

'**ATS.OR.415 Seirbhís mhóibíleach aerloingseoireachta (cumarsáid idir aer agus talamh) — seirbhís rialaithe limistéir**

Áiritheoidh soláthraí seirbhísí aerthráchta an méid seo a leanas:

(a) go gcumasaíonn saoráidí cumarsáide idir aer agus talamh cumarsáid gutha dhá threo idir aonad a sholáthraíonn seirbhís rialaithe limistéir agus aerárthaí arna bhfeistiú go hiomchuí a eitleoidh in aon áit laistigh den limistéar nó de na limistéir rialaithe; agus

(b) go gcumasaíonn saoráidí cumarsáide idir aer agus talamh cumarsáid dhá threo idir aonad a sholáthraíonn seirbhís rialaithe limistéir agus aerárthaí arna bhfeistiú go hiomchuí a eitleoidh laistigh den aerspás dá dtagraítear i bpointe AUR.COM.2001 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1770 an 12 Meán Fómhair 2023 ón gCoimisiún (*), chun na seirbhísí nasctha sonraí dá dtagraítear i bpointe (1) (a) de phointe AUR.COM.2005 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin a oibriú.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1770 ón gCoimisiún lena leagtar síos forálacha maidir le trealamh aerárthaí a cheanglaítear i dtaca le húsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus rialacha oibriúcháin a bhaineann le húsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011, (AE) Uimh. 1207/2011 agus (AE) Uimh. 1079/2012 (IO L 228, 15.9.2023, lch. 39)';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATS.OR.430:

'**ATS.OR.430 Seirbhís aerloingseoireachta ar bhealach seasta (an chumarsáid idir talamh agus talamh) — ginearálta**

(a) Áiritheoidh soláthraí seirbhísí aerthráchta go n-úsáidfear cumarsáid dhíreach an nasctha cainte nó sonraí, nó an dá cheann, sa chumarsáid idir talamh agus talamh chun críoch seirbhísí aerthráchta.

(b) Le linn don uathoibriú a bheith ag tacú leis an gcumarsáid chun críoch an chomhordaithe rialaithe aerthráchta, áiritheoidh soláthraí seirbhísí aerthráchta an méid seo a leanas:

(1) go gcuirfear na modhanna iomchuí chun feidhme chun an fhaisnéis eitilte ábhartha a fháil, a stóráil, a phróiseáil, a bhaint amach agus a thaispeáint, agus a tharchur;

(2) go gcuirfear teipeanna nó aimhrialtachtaí an chomhordaithe uathoibrithe sin i láthair go soiléir don rialtóir nó do na rialtóirí aerthráchta a bheidh freagrach as eitiltí a chomhordú ag aonad um aistriú;

(3) go gcuirfear na rabhaidh a bhaineann leis an malartú faisnéise sa chóras i láthair na suíomhanna oibre ábhartha;

(4) go soláthrófar an fhaisnéis faoi phróisis ábhartha an mhalartaithe faisnéise sa chóras do na rialtóirí aerthráchta;

(5) go soláthrófar na modhanna do rialtóirí aerthráchta chun an fhaisnéis eitilte arna malartú a mhodhnú.';

(d) cuirtear pointe ATS.OR.446 seo a leanas isteach:

'**ATS.OR.446 Sonraí faireachais**

(a) Ní úsáidfidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta sonraí ó chórais cheistiúcháin Mhód S a oibríonn faoi fhreagracht tríú tír mura mbeidh leithdháileadh an chóid cheistiúcháin comhordaithe.

(b) Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta go gcuirfear na cumais is gá chun feidhme chun go mbeidh rialtóirí aerthráchta in ann aitheantas aerárthaigh ar leith a shuí agus úsáid á baint acu as an ngné aitheantais aerárthaigh íosnasctha, mar a mhionsonraítear i bhFoscríbhinn 1.

(c) Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse aerthráchta oibríochtaí rianúla laistigh den aerspás atá faoina bhfreagracht agus ag an teorainn le haerspáis lena n-ais trí íoscheanglais iomchuí a chur i bhfeidhm chun aerárthaí a scaradh.';

(e) i bpointe ATS.TR.230, cuirtear an pointe (c) seo a leanas isteach:

'(c) Comhordú aistriú an rialaithe idir aonaid a sholáthraíonn seirbhís rialaithe limistéir laistigh de réigiún EUR ICAO, nó nuair a chomhaontófar amhlaidh le haonaid rialaithe aerthráchta eile nó idir na haonaid sin, tacóidh próisis uathoibrithe leis an gcomhordú sin mar a shainítear i bhFoscríbhinn 2.';

(f) cuirtear na Foscríbhinní 1 agus 2 seo a leanas leis:

'*Foscríbhinn 1*

Aerárthaí ar leith a shainaithint trí úsáid a bhaint as an ngné aitheantais aerárthaigh íosnasctha mar a cheanglaítear le pointe ATS.OR.446(b)

Bainfear úsáid as an ngné aitheantais aerárthaigh íosnasctha mar a leanas chun aitheantas aerárthaí ar leith a shuí:

(a) Dearbhóidh an soláthraí seirbhísí aerthráchta don Bhainisteoir Líonra na toillte aerspáis i gcás ina suífear aitheantas aerárthaí ar leith trí úsáid a bhaint an ngné aitheantais aerárthaigh íosnasctha.

(b) Sannfar cód feiceálachta SSR A1000 d'aerárthaí i gcás ina suífear aitheantas aerárthaí ar leith trí úsáid a bhaint as an ngné aitheantais aerárthaigh íosnasctha.

(c) Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag ceann amháin de na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d), sannfar cód feiceálachta SSR A1000 d'aerárthaí a bheidh ag imeacht nó d'aerárthaí, i gcomhréir le pointe (g), is gá athrú cóid a dhéanamh lena n-aghaidh, i gcás ina mbeidh an dáil seo a leanas ann:

(1) meaitseálann an t-aitheantas aerárthaigh íosnasctha an iontráil chomhfhreagrach sa phlean eitilte le haghaidh an aerárthaigh sin;

(2) chuir an Bainisteoir Líonra in iúl go bhfuil an t-aerárthach áirithe sin incháilithe do shannadh chód feiceálachta SSR A1000.

(d) Ní shannfar cód feiceálachta SSR A1000 d'aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (c) má bhíonn aon cheann de na dálaí seo a leanas ann:

(1) bearta teagmhasachta a fhágann nach mór cóid SSR scoite a shannadh d'aerárthaí ar cóid iad atá curtha i bhfeidhm ag soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta a mbaineann éarthaí seirbhíse neamhphleanáilte do bhraiteoir faireachais ar talamh dó;

(2) bearta teagmhasachta míleata eisceachtúla a fhágann nach mór do sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta cóid SSR scoite a shannadh d'aerárthaí;

(3) aerárthach atá incháilithe do shannadh chód feiceálachta SSR A1000 a leagtar síos i gcomhréir le pointe (c), imíonn nó atreoraítear ina mhalairt de chás é amach as an toilleadh aerspáis dá dtagraítear i bpointe (a).

(e) Aerárthaí nach sannfar cód feiceálachta SSR A1000 dóibh a leagtar síos i gcomhréir le pointe (c), sannfar cód SSR dóibh a chomhlíonann liosta leithdháilte cód a bheidh comhaontaithe ag na Ballstáit agus comhordaithe in éineacht le tríú tíortha.

(f) Nuair a bheidh cód SSR sannta d'aerárthach, déanfar seiceáil a luaithe is féidir chun a dheimhniú go mbeidh an cód SSR a shocraíonn an píolóta comhionann leis an gcód a sannadh don eitilt.

(g) Maidir le cóid SSR a shanntar d'aerárthaí atá á n-aistriú ó sholáthraithe seirbhísí aerthráchta i dTíortha comharsanacha, déanfar iad a sheiceáil go huathoibríoch chun a fheiceáil cé acu is féidir nó nach féidir na sannuithe a choinneáil i gcomhréir le liosta leithdháilte cód a bheidh comhaontaithe ag na Ballstáit agus comhordaithe in éineacht le tríú tíortha.

(h) Leagfar socruithe foirmiúla, ina mbeidh an t-íosmhéid ábhair seo a leanas, síos in éineacht le soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta comharsanacha a shuíonn aitheantas aerárthaigh ar leith síos trí úsáid a bhaint as cóid SSR scoite:

(1) oibleagáid ar na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta comharsanacha aerárthaí ag a bhfuil cóid SSR scoite fhíoraithe a aistriú i gcás inar cóid iad a shanntar i gcomhréir le liosta leithdháilte cód a bheidh comhaontaithe ag na Ballstáit agus comhordaithe in éineacht le tríú tíortha;

(2) oibleagáid fógra a thabhairt d'aonaid ghlactha aerthráchta faoi aon neamhrialtacht dá mbreathnaítear in oibriú chomhdhamhnaí aerbheirthe na gcóras faireachais;

(i) áiritheoidh soláthraithe seirbhísí aerthráchta, maidir le sannadh chóid SSR scoite i gcomhréir le liosta leithdháilte cód a bheidh comhaontaithe ag na Ballstáit agus comhordaithe in éineacht le tríú tíortha chun aitheantas aerárthaigh ar leith a shuí, go gcomhlíonfar an méid seo a leanas:

(1) go sannfar na cóid SSR d'aerárthach go huathoibríoch i gcomhréir le liosta leithdháilte cód a bheidh comhaontaithe ag na Ballstáit agus comhordaithe in éineacht le tríú tíortha;

(2) maidir le cóid SSR a shanntar d'aerárthaí atá á n-aistriú ó sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta i dTíortha comharsanacha, go ndéanfar iad a sheiceáil chun a fheiceáil cé acu is féidir nó nach féidir na sannuithe a choinneáil i gcomhréir le liosta leithdháilte cód a bheidh comhaontaithe ag na Ballstáit agus comhordaithe in éineacht le tríú tíortha;

(3) go n-aicmeofar na cóid SSR ina gcatagóirí difriúla chun go mbeifear in ann cóid dhifreáilte a shannadh;

(4) go sannfar na cóid SSR ó na catagóirí difriúla dá dtagraítear i bpointe (3) de réir threonna na n-eitiltí;

(5) i gcás ina sannfar an cód SSR céanna i gcásanna iomadúla go comhuaineach, gur d'eitiltí a oibríonn i dtreonna, a bhíonn saor ó choinbhleacht chóid, a shannfar amhlaidh;

(6) go gcuirfear na rialtóirí ar an eolas go huathoibríoch i gcás ina ndéanfar sannuithe chóid SSR a dhúbláil go neamhbheartaithe;

Foscríbhinn 2

Próisis atá le cur chun feidhme ar mhaithe le comhordú uathoibríoch mar a cheanglaítear le pointe ATS.TR.230(c)

A. Is iad seo a leanas na próisis éigeantacha atá le cur chun feidhme idir aonaid a sholáthraíonn seirbhís rialaithe limistéir, nó nuair a chomhaontófar amhlaidh le haonaid rialaithe aerthráchta eile nó idir na aonaid sin:

(a) Fógra

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis eitilte a bheidh faoi réir an phróisis um fhógra a thabhairt:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) Mód agus cód SSR (más infhaighte),

(iii) aeradróm imeachta,

(iv) sonraí meastacháin,

(v) aeradróm cinn scríbe,

(vi) uimhir agus cineál aerárthaigh,

(vii) cineál eitilte,

(viii) cumas agus stádas trealaimh.

(2) Áireofar le hábhar na faisnéise faoi 'cumas agus stádas trealaimh' íosdeighiltí ceartingearacha laghdaithe (RVSM) agus cumas spásáil cainéal 8,33 kHz ar a laghad. Féadfar míreanna eile a áireamh i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(3) Feidhmeofar an próiseas um fógra a thabhairt uair amháin ar a laghad le haghaidh gach eitilt incháilithe dá mbeartaítear teorainneacha a thrasnú ach amháin i gcás inarb í an eitilt ábhar an phróisis um fhógra agus chomhordú réamhimeachta.

(4) Beidh na critéir incháilitheachta chun fógra trasteorann a thabhairt faoi eitiltí i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(5) Nuair nach bhféadfar an próiseas um fhógra a thabhairt faoi am arna chomhaontú go déthaobhach roimh an bpróiseas tosaigh um chomhordú, áireofar leis an bpróiseas tosaigh um chomhordú é.

(6) Nuair a fheidhmeofar é, is é an próiseas um fhógra a thabhairt a dhéanfar roimh an bpróiseas tosaigh um chomhordú.

(7) Tarlóidh an próiseas um fhógra a thabhairt arís gach uair dá mbeidh aon athrú ar aon cheann de na sonraí seo a leanas roimh an bpróiseas tosaigh um chomhordú:

(i) pointe comhordúcháin (COP),

(ii) cód SSR lena bhfuil coinne tráth aistriú an phointe rialaithe,

(iii) aeradróm cinn scríbe,

(iv) an cineál aerárthaí,

(v) cumas agus stádas trealaimh.

(8) Má shainaithnítear neamhréireacht idir na sonraí a tarchuireadh agus na sonraí comhfhreagracha sa chóras faighte, nó mura mbeidh aon fhaisnéis den sórt sin ar fáil a d'fhágfadh gur ghá gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh tráth faighte na sonraí comhordúcháin tosaigh seo a leanas, atreorófar an neamhréireacht chuig suíomh oibre rialtóra iomchuí lena réiteach.

(9) Critéir ama maidir leis an bpróiseas um fhógra a thionscnamh:

(i) Tionscnófar an próiseas um fhógra a thabhairt agus líon paraiméadair nóiméad ann roimh an am measta ag an bpointe comhordúcháin.

(ii) Áireofar paraiméadar (paraiméadair) an fhógra ar litreacha an chomhaontaithe idir na haonaid ATC lena mbaineann.

(iii) Féadfar paraiméadar (paraiméadair) an fhógra a shainiú ar leithligh le haghaidh gach ceann de na pointí comhordúcháin.

(b) Comhordú tosaigh

(1) I gcás eitilt atá faoi réir comhordú tosaigh, beidh na coinníollacha comhaontaithe maidir le heitilt a aistriú ceangailteach ó thaobh oibriúcháin de ar an dá aonad rialaithe aerthráchta ach amháin i gcás ina ndéanfar an comhordú a aisghairm nó athbhreithniú air.

(2) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis faoin eitilt a bheidh faoi réir an phróisis um chomhordú tosaigh:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) Mód agus cód SSR,

(iii) aeradróm imeachta,

(iv) sonraí meastacháin,

(v) aeradróm cinn scríbe,

(vi) uimhir agus cineál aerárthaigh,

(vii) cineál eitilte,

(viii) cumas agus stádas trealaimh.

(3) Áireofar le hábhar na faisnéise faoi 'cumas agus stádas trealaimh' RVSM agus cumas spásáil cainéal 8,33 kHz ar a laghad. Féadfar míreanna eile a áireamh de réir mar a chomhaontófar go déthaobhach le litreacha an chomhaontaithe.

(4) Feidhmeofar an próiseas um chomhordú tosaigh le haghaidh gach eitilt incháilithe dá mbeartaítear teorainneacha a thrasnú.

(5) Beidh na critéir incháilitheachta maidir le comhordú tosaigh trasteorann na n-eitiltí i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(6) Ach amháin i gcás ina mbeidh sé tionscanta de láimh cheana féin, tionscnófar an próiseas um chomhordú tosaigh i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe, tráth na bpointí seo a leanas:

(i) tréimhse pharaiméadair ama arna comhaontú go déthaobhach roimh an am measta ag an bpointe comhordúcháin; nó

(ii) an t-am ag a mbeidh an eitilt ag achar arna chomhaontú go déthaobhach ón bpointe comhordúcháin.

(7) Ní fheidhmeofar an próiseas um chomhordú tosaigh ach amháin i gcás ina dtionscnófar aisghairm an phróisis um chomhordú.

(8) Tar éis don phróiseas um chomhordú a bheith aisghairthe, féadfar an próiseas um chomhordú tosaigh a thionscnamh leis an aonad céanna arís.

(9) Cur i gcrích an phróisis um chomhordú tosaigh, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad um aistriú — is ansin a mheastar an eitilt a bheith 'comhordaithe'.

(10) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis um chomhordú tosaigh, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra a bheidh freagrach as an eitilt a chomhordú laistigh den aonad um aistriú.

(11) Cuirfear faisnéis an chomhordaithe tosaigh ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí ag an aonad glactha aerthráchta.

(c) Athbhreithniú ar an gcomhordú

(1) Leis an bpróiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú, áiritheofar go leagfar síos an bhaint leis an eitilt a comhordaíodh roimhe.

(2) I gcás eitilt atá faoi réir an phróisis lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú, beidh na coinníollacha comhaontaithe maidir le heitilt a aistriú ceangailteach ó thaobh oibriúcháin de ar an dá aonad rialaithe aerthráchta ach amháin i gcás ina ndéanfar an comhordú a aisghairm nó athbhreithniú breise ar na coinníollacha.

(3) Leis an bpróiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú, soláthrófar an fhaisnéis eitilte seo, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis sin athraithe:

(i) Mód agus cód SSR,

(ii) am measta agus leibhéal eitilte,

(iii) cumas agus stádas trealaimh.

(4) Má chomhaontaítear go déthaobhach é, soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas sna sonraí lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis sin athraithe:

(i) pointe comhordúcháin,

(ii) bealach.

(5) Féadfaidh an próiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú tarlú uair amháin nó níos mó laistigh den aonad lena bhfuil eitilt á comhordú faoi láthair.

(6) Tarlóidh an próiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú nuair is amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tá an difríocht idir an t-am measta os cionn an phointe comhordúcháin agus an t-am measta a soláthraíodh roimhe níos mó ná luach arna chomhaontú go déthaobhach;

(ii) tá leibhéal (leibhéil) an aistrithe, an cód SSR nó cumas agus stádas an trealaimh difriúil leo siúd a soláthraíodh roimhe.

(7) Nuair a chomhaontófar amhlaidh go déthaobhach, tarlóidh an próiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú nuair a thiocfaidh aon athrú ar na nithe seo a leanas:

(i) pointe comhordúcháin,

(ii) bealach.

(8) Cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad um aistriú.

(9) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra a bheidh freagrach as an eitilt a chomhordú laistigh den aonad aistrithe um aistriú.

(10) Tarlóidh an próiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú láithreach tar éis an ionchuir nó an nuashonraithe ábhartha.

(11) Cuirfear bac ar an bpróiseas lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú tar éis don eitilt a bheith ag am/achar arna chomhaontú go déthaobhach ó phointe rialaithe an aistrithe i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(12) Cuirfear an fhaisnéis faoin athbhreithniú ar an gcomhordú ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad fála.

(13) I gcás nach ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athbhreithniú ar an gcomhordú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tionscnóidh an t-aonad um aistriú an comhordú ó bhéal.

(d) Comhordú a aisghairm

(1) Le haisghairm an phróisis um chomhordú, áiritheofar go leagfar síos an bhaint leis an bpróiseas um fhógra nó chomhordú a bhí ann roimhe agus atá á chealú.

(2) Tarlóidh aisghairm an phróisis um chomhordú in éineacht le haonad le haghaidh eitilt chomhordaithe nuair is amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) nach é an t-aonad sin an chéad aonad eile sa seicheamh comhordúcháin a thuilleadh;

(ii) cuirtear an plean eitilte ar ceal san aonad atá ag seoladh an phlean agus níl an comhordú ábhartha a thuilleadh;

(iii) faightear faisnéis faoi aisghairm an chomhordaithe ón aonad roimhe i leith na heitilte.

(3) Féadfaidh aisghairm an phróisis um chomhordú tarlú laistigh d'aonad le haghaidh eitilt dá dtugtar fógra nuair is amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) nach é an t-aonad sin an chéad aonad eile sa seicheamh comhordúcháin a thuilleadh;

(ii) cuirtear an plean eitilte ar ceal san aonad atá ag seoladh an phlean agus níl an comhordú ábhartha a thuilleadh;

(iii) faightear faisnéis faoi aisghairm an chomhordaithe ón aonad roimhe i leith na heitilte;

(iv) cuirtear moill ar an eitilt agus í ar an mbealach, agus ní féidir meastachán athbhreithnithe a chinneadh go huathoibríoch.

(4) Cur i gcrích aisghairm an phróisis um chomhordú, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad um aistriú.

(5) Mura ndeimhneofar cur i gcrích aisghairm an phróisis um chomhordú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra a bheidh freagrach as an eitilt a chomhordú laistigh den aonad um aistriú.

(6) Cuirfear an fhaisnéis faoi aisghairm an chomhordaithe ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad dá dtugtar fógra nó laistigh den aonad a ndéantar an comhordú a chealú leis.

(7) I gcás nach ndeimhneofar cur i gcrích aisghairm an phróisis um chomhordú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tionscnóidh an t-aonad um aistriú an comhordú ó bhéal.

(e) Sonraí eitilte bunúsacha

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis a bheidh faoi réir an phróisis sonraí eitilte bunúsacha:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) Mód agus cód SSR.

(2) Beidh aon fhaisnéis bhreise a sholáthrófar leis an bpróiseas sonraí eitilte bunúsacha faoi réir comhaontú déthaobhach.

(3) Feidhmeofar an próiseas sonraí eitilte bunúsacha go huathoibríoch le haghaidh gach eitilt incháilithe.

(4) Beidh na critéir incháilitheachta maidir le sonraí eitilte bunúsacha i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(5) Cur i gcrích an phróisis sonraí eitilte bunúsacha, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad soláthair na sonraí sin.

(6) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis sonraí eitilte bunúsacha, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh d'aonad soláthair na sonraí sin.

(f) Athrú ar shonraí eitilte bunúsacha

(1) Leis an bpróiseas lena ndéantar athrú ar shonraí eitilte bunúsacha, áiritheofar go leagfar síos an bhaint leis an eitilt a bhí faoi réir próiseas lena dtugtar sonraí eitilte bunúsacha roimhe.

(2) Aon faisnéis eile a bheidh faoi réir an phróisis lena ndéantar athrú ar shonraí eitilte bunúsacha agus na critéir atá bainteach lena soláthar, beidh siad faoi réir comhaontú déthaobhach.

(3) Ní tharlóidh próiseas lena ndéantar athrú ar shonraí eitilte bunúsacha ach amháin i gcás eitilt dá tugadh fógra fúithi roimhe trí phróiseas lena dtugtar sonraí eitilte bunúsacha.

(4) Tionscnófar próiseas lena ndéantar athrú ar shonraí eitilte bunúsacha go huathoibríoch i gcomhréir le critéir arna gcomhaontú go déthaobhach.

(5) Cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athrú ar shonraí eitilte bunúsacha, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad soláthair na sonraí sin.

(6) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athrú ar shonraí eitilte bunúsacha, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh d'aonad soláthair na sonraí sin.

(7) Cuirfear an fhaisnéis faoi athrú ar na sonraí eitilte bunúsacha ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad fála.

B. Nuair a chomhaontófar amhlaidh idir na haonaid lena mbaineann chun an fógra réamhimeachta a dhéanamh, is é an méid seo a leanas a bheidh i gceist leis an bpróiseas lena ndéantar athrú ar an minicíocht nó le tionscnamh rialú láimhe an phróisis chumarsáide:

(a) Fógra agus comhordú réamhimeachta

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis eitilte a bheidh faoi réir an phróisis um fhógra agus chomhordú réamhimeachta:

(i) aitheantas aerárthaí;

(ii) Mód agus cód SSR (más infhaighte);

(iii) aeradróm imeachta;

(iv) am measta éirí de thalamh nó sonraí meastacháin, de réir mar a chomhaontaítear go déthaobhach;

(v) aeradróm cinn scríbe;

(vi) uimhir agus cineál aerárthaigh.

(2) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis a bheidh faoi réir an phróisis um fhógra agus chomhordú réamhimeachta ó aonad rialaithe limistéir ainlithe críochfoirt (TMA) nó ó ACC:

(i) cineál eitilte,

(ii) cumas agus stádas trealaimh.

(3) Áireofar le hábhar na faisnéise faoi 'cumas agus stádas trealaimh' RVSM agus cumas spásáil cainéal 8,33 kHz ar a laghad.

(4) Féadfar míreanna eile a bheith san fhaisnéis faoi 'cumas agus stádas trealaimh' de réir mar a chomhaontófar go déthaobhach le litreacha an chomhaontaithe.

(5) Tarlóidh an próiseas um fhógra agus chomhordú réamhimeachta uair amháin nó níos mó le haghaidh gach eitilt incháilithe dá mbeartaítear na teorainneacha a thrasnú i gcás nach bhfágfaí am leordhóthanach leis an aga eitilte ón bpointe imeachta chuig an bpointe comhordúcháin chun na próisis um fhógra nó chomhordú tosaigh a fhorghníomhú.

(6) Beidh na critéir incháilitheachta maidir le fógra agus comhordú réamhimeachta trasteorann a dhéanamh le haghaidh eitiltí i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(7) Tarlóidh an próiseas um fhógra agus chomhordú réamhimeachta arís gach uair dá mbeidh aon athrú ar aon mhír de na sonraí a bheidh faoi réir an phróisis um fhógra agus chomhordú réamhimeachta, a bhí ann roimhe, sula n-imeoidh an eitilt.

(8) Cur i gcrích an phróisis um fhógra agus chomhordú réamhimeachta, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad um aistriú.

(9) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis um fhógra agus chomhordú réamhimeachta, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra a bheidh freagrach as fógra a thabhairt faoin eitilt nó as an eitilt a chomhordú laistigh den aonad um aistriú.

(10) Cuirfear faisnéis an fhógra agus an chomhordaithe réamhimeachta ar fáil ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad dá dtugtar fógra.

(b) Athrú minicíochta

(1) Beidh an t-aitheantas aerárthaigh agus aon cheann de na nithe seo a leanas, má bhíonn siad ar fáil, san fhaisnéis a bheidh faoi réir an phróisis lena ndéantar athrú ar an minicíocht:

(i) tásc an scaoilte,

(ii) leibhéal eitilte ceadaithe,

(iii) treo-cheann/rian sannta nó cead rialaithe aerthráchta díreach,

(iv) luas sannta,

(v) ráta ardaithe/tuirlingthe sannta.

(2) Má chomhaontaítear amhlaidh go déthaobhach, beidh an méid seo a leanas sna sonraí minicíochta:

(i) suíomh reatha ar an rian,

(ii) minicíocht threoraithe.

(3) Is é an rialtóir aistrithe aerthráchta a dhéanfaidh an próiseas lena ndéantar athrú ar an minicíocht a thionscnamh de láimh.

(4) Cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athrú ar an minicíocht, lena n-áirítear deimhniú ón aonad glactha aerthráchta, tabharfar ar aghaidh é chuig an d'aonad aistrithe an rialaithe aerthráchta.

(5) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis lena ndéantar athrú ar an minicíocht, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh d'aonad aistrithe an rialaithe aerthráchta.

(6) Cuirfear an fhaisnéis faoin athrú ar an minicíocht ar fáil don rialtóir glactha aerthráchta gan mhoill.

(c) Rialú láimhe na cumarsáide a thionscnamh

(1) Áireofar ar a laghad an t-aitheantas aerárthaigh leis an bhfaisnéis a bheidh faoi réir thionscnamh rialú láimhe an phróisis chumarsáide.

(2) Is é an t-aonad glactha aerthráchta a thionscnóidh rialú láimhe an phróisis chumarsáide nuair a bhunófar modh cumarsáide.

(3) Cur i gcrích thionscnamh rialú láimhe an phróisis chumarsáide, lena n-áirítear deimhniú ón aonad um aistriú, tabharfar ar aghaidh é chuig aonad glactha an rialaithe aerthráchta.

(4) Mura ndeimhneofar cur i gcrích thionscnamh rialú láimhe an phróisis chumarsáide, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh d'aonad glactha an rialaithe aerthráchta.

(5) Cuirfear an fhaisnéis faoi thionscnamh rialú láimhe an phróisis chumarsáide i láthair an rialtóra laistigh den aonad um aistriú láithreach.

(d) Fógra faoi intinn trasnaithe

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad le faisnéis an fhógra faoi intinn trasnaithe:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) Mód agus cód SSR,

(iii) uimhir agus cineál aerárthaigh,

(iv) aitheantóir an limistéir atá i gceannas,

(v) bealach trasnaithe lena n-áirítear amanna measta agus leibhéil eitilte le haghaidh gach pointe ar an mbealach.

(2) Tionscnóidh an rialtóir próiseas an fhógra faoi intinn trasnaithe de láimh, nó go huathoibríoch mar a thuairiscítear i litreacha an chomhaontaithe.

(3) Cur i gcrích phróiseas an fhógra faoi intinn trasnaithe, lena n-áirítear deimhniú ón aonad dá dtugtar fógra, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad a bhfuil fógra á thabhairt aige.

(4) Mura ndeimhneofar cur i gcrích phróiseas an fhógra faoi intinn trasnaithe, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin laistigh den aonad a bhfuil fógra á thabhairt aige.

(5) Cuirfear faisnéis an fhógra faoi intinn trasnaithe ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad dá dtugtar fógra.

(e) Iarraidh ar chead trasnaithe

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad le próiseas na hiarrata ar chead trasnaithe:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) Mód agus cód SSR,

(iii) uimhir agus cineál aerárthaigh,

(iv) aitheantóir an limistéir atá i gceannas,

(v) bealach trasnaithe lena n-áirítear amanna measta agus leibhéil eitilte le haghaidh gach pointe ar an mbealach.

(2) Má chomhaontaítear go déthaobhach amhlaidh, beidh cumas agus stádas an trealaimh in iarraidh ar chead trasnaithe.

(3) Áireofar le hábhar na faisnéise faoi 'cumas agus stádas trealaimh' an cumas RVSM ar a laghad, agus féadfaidh míreanna eile a bheith san ábhar sin de réir mar a chomhaontófar go déthaobhach.

(4) Tionscnófar an iarraidh ar chead trasnaithe faoi dhiscréid an rialtóra, i gcomhréir leis na coinníollacha a shonrófar i litreacha an chomhaontaithe.

(5) Cur i gcrích phróiseas na hiarrata ar chead trasnaithe, lena n-áirítear deimhniú ón aonad a fhaigheann an iarraidh, soláthrófar don aonad iarrthach é.

(6) Mura ndeimhneofar cur i gcrích phróiseas na hiarrata ar chead trasnaithe, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad iarrthach.

(7) Cuirfear faisnéis na hiarrata ar chead trasnaithe ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad a fhaigheann an iarraidh.

(8) Féadfar freagairt do phróiseas iarrata ar chead trasnaithe le haon cheann de na freagraí seo a leanas:

(i) glacadh leis an mbealach a mholtar/leis na mionsonraí a bhaineann leis an trasnú aerspáis;

(ii) frith-mholadh lena n-áirítear bealach difriúil/mionsonraí difriúla maidir leis an trasnú aerspáis mar a shonraítear i Roinn 6 thíos;

(iii) diúltú an bhealaigh a mholtar/na mionsonraí a bhaineann leis an trasnú aerspáis.

(9) Mura bhfaighfear freagra oibríochtúil laistigh d'eatramh arna chomhaontú go déthaobhach, eiseofar rabhadh ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad iarrthach.

(f) Frith-mholadh maidir le trasnú

(1) Leis an bpróiseas lena dtugtar frith-mholadh maidir le trasnú, áiritheofar go leagfar síos an bhaint leis an eitilt a bhí faoi réir comhordaithe roimhe.

(2) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis a bheidh faoi réir an phróisis lena dtugtar frith-mholadh maidir le trasnú:

(i) aitheantas aerárthaí;

(ii) bealach trasnaithe lena n-áirítear amanna measta agus leibhéil eitilte le haghaidh gach pointe ar an mbealach.

(3) Áireofar leibhéal agus/nó bealach eitilte nua a bheartaítear leis an bhfrith-mholadh.

(4) Cur i gcrích an phróisis lena dtugtar frith-mholadh maidir le trasnú, lena n-áirítear deimhniú ón aonad iarrthach bunaidh, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad a thugann an frith-mholadh.

(5) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis lena dtugtar frith-mholadh maidir le trasnú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad a thugann an frith-mholadh.

(6) Cuirfear an fhaisnéis atá i gceist leis an bhfrith-mholadh maidir le trasnú ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad iarrthach bunaidh.

(7) Tar éis don aonad iarrthach bunaidh próiseáil rathúil na faisnéise atá i gceist leis an bhfrith-mholadh maidir le trasnú a dheimhniú, tabharfaidh an t-aonad iarrthach bunaidh freagra oibríochtúil.

(8) Is é glacadh nó diúltú, de réir mar is iomchuí, a bheidh i gceist leis an bhfreagra oibríochtúil ar fhrith-mholadh maidir le trasnú.

(9) Mura bhfaighfear freagra oibríochtúil laistigh d'eatramh a chomhaontófar go déthaobhach, eiseofar rabhadh ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad thugann an frith-mholadh.

(g) Trasnú a chealú

(1) Leis an bpróiseas chun an trasnú a chealú, áiritheofar go leagfar síos an bhaint leis an bpróiseas um fhógra nó chomhordú a bhí ann roimhe agus atá á chealú.

(2) Tionscnóidh an t-aonad a bheidh freagrach as an eitilt próiseas chun trasnú a chealú nuair tharlóidh ceann díobh seo a leanas:

(i) an eitilt dá tugadh fógra roimhe leis an bpróiseas sonraí eitilte bunúsacha, ní rachaidh sí isteach in aerspás an aonaid dá dtugtar fógra anois nó níl leas ag an aonad dá dtugtar fógra inti a thuilleadh;

(ii) ní fhorghníomhófar an trasnú ar an mbealach a cuireadh in iúl i bhfaisnéis an fhógra faoi intinn trasnaithe;

(iii) ní fhorghníomhófar an trasnú de réir na gcoinníollacha atá faoi chaibidil nó de réir na gcoinníollacha arna gcomhaontú tar éis idirphlé faoi thrasnú aerspáis.

(3) Spreagfar próiseas chun trasnú a chealú go huathoibríoch nó de láimh le hionchur ó rialtóir i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(4) Cur i gcrích an phróisis chun trasnú a chealú, lena n-áirítear deimhniú ón aonad dá dtugtar fógra/aonad iarrthach, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad a bhfuil an cealú á dhéanamh aige.

(5) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis chun an trasnú a chealú, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tabharfar rabhadh dá thoradh sin ag an bpost oibre iomchuí laistigh den aonad a bhfuil an cealú á dhéanamh aige.

(6) Cuirfear an fhaisnéis maidir leis an trasnú a chealú ar fáil don suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad dá dtugtar fógra/aonad iarrthach.

C. Idir aonaid a sholáthraíonn seirbhísí rialaithe limistéir a cheanglaítear chun na seirbhísí nasctha sonraí a oibriú dá dtagraítear i bpointe AUR.COM.2005(1)(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1770, nó nuair a chomhaontófar amhlaidh le haonaid eile nó eatarthu, tacóidh an t-uathoibriú leis na próisis seo a leanas:

(a) Logáil ar aghaidh

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis a bheidh faoi réir an phróisis logála ar aghaidh:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) aeradróm imeachta,

(iii) aeradróm cinn scríbe,

(iv) cineál logála,

(v) paraiméadair logála.

(2) Feidhmeofar próiseas logála ar aghaidh le haghaidh gach eitilt dá ndéantar a logáil trí nasc sonraí agus a bheartaítear teorainneacha a thrasnú.

(3) Tionscnófar an próiseas logála ar aghaidh ag an am is luaithe de na hamanna seo a leanas a chinntear, nó a luaithe is féidir i ndiaidh an ama sin, i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe:

(i) líon paraiméadair nóiméad roimh an am measta ag an bpointe comhordúcháin;

(ii) an t-am ag a mbeidh an eitilt ag achar arna chomhaontú go déthaobhach ón bpointe comhordúcháin.

(4) Beidh na critéir incháilitheachta maidir leis an bpróiseas logála ar aghaidh i gcomhréir le litreacha an chomhaontaithe.

(5) Áireofar an fhaisnéis faoin logáil ar aghaidh leis an bhfaisnéis eitilte chomhfhreagrach san aonad fála.

(6) Taispeánfar stádas na heitilte ó thaobh logáil de ag an suíomh oibre rialtóra iomchuí laistigh den aonad fála.

(7) Cur i gcrích an phróisis logála ar aghaidh, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad um aistriú.

(8) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis logála ar aghaidh, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tionscnófar iarraidh ar theagmháil nasctha sonraí idir aer agus talamh chuig an aerárthach dá thoradh.

(b) Fógra tugtha don chéad údarás eile

(1) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad leis an bhfaisnéis a bheidh faoi réir an phróisis um fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile:

(i) aitheantas aerárthaí,

(ii) aeradróm imeachta,

(iii) aeradróm cinn scríbe.

(2) Feidhmeofar próiseas amháin um fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile le haghaidh gach eitilt incháilithe dá dtrasnaíonn teorainneacha.

(3) Tionscnófar an próiseas um fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile tar éis don iarraidh chuig an aerárthach faoi shonraí an chéad údaráis eile a bheith aitheanta ag an gcóras aerbheirthe.

(4) Tar éis phróiseáil rathúil na faisnéise faoi fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile, tionscnóidh an t-aonad fála iarraidh ar thosú chumarsáid an nasctha sonraí idir rialtóir agus píolóta (CPDLC) leis an aerárthach.

(5) Mura mbeidh an fhaisnéis faoi fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile faighte i gcomhréir le ham paraiméadair arna chomhaontú go déthaobhach, cuirfidh an t-aonad fála nósanna imeachta áitiúla i bhfeidhm chun cumarsáid an nasctha sonraí a thionscnamh leis an aerárthach.

(6) Cur i gcrích an phróisis um fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile, lena n-áirítear deimhniú ón aonad fála, tabharfar ar aghaidh é chuig an aonad um aistriú.

(7) Mura ndeimhneofar cur i gcrích an phróisis um fhógra a bheith tugtha don chéad údarás eile, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le cáilíocht seirbhíse, tionscnófar nósanna imeachta áitiúla laistigh den aonad um aistriú.';

(5) in Iarscríbhinn VIII, Fochuid B, cuirtear an Roinn 2 seo a leanas isteach:

'*ROINN 2*

CEANGLAIS THEICNIÚLA MAIDIR LE SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ FAIREACHAIS

CNS.TR.205 Cóid cheistiúcháin Mhód S a leithdháileadh agus a úsáid

(a) Ní oibreoidh soláthraí seirbhísí faireachais ach córas ceistiúcháin Mhód S incháilithe, agus cód ceistiúcháin incháilithe (IC) á úsáid, más amhlaidh go mbeidh leithdháileadh cód ceistiúcháin faighte aige, chun na críche sin ón mBallstát lena mbaineann.

(b) Soláthraí seirbhísí faireachais a bheartaíonn córas ceistiúcháin Mhód S incháilithe a oibriú, nó a oibríonn córas ceistiúcháin Mhód S incháilithe nach bhfuil aon leithdháileadh cód ceistiúcháin faighte aige, cuirfidh sé iarratas ar chód ceistiúcháin faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann, ina mbeidh na príomh-mhíreanna seo a leanas, ar a laghad:

(1) tagairt iarratais uathúil ón mBallstát lena mbaineann;

(2) sonraí teagmhála iomlána ionadaí an Bhallstáit atá freagrach as leithdháileadh cód córas ceistiúcháin Mhód S a chomhordú;

(3) sonraí teagmhála iomlána phointe teagmhála oibreoir Mhód S le haghaidh ábhair a bhaineann le leithdháileadh cód ceistiúcháin Mhód S;

(4) Ainm chóras ceistiúcháin Mhód S;

(5) Úsáid chóras ceistiúcháin Mhód S (úsáid oibríochtúil nó tástála);

(6) Suíomh chóras ceistiúcháin Mhód S;

(7) Dáta an chéad uair a bhfuil sé beartaithe Mód S a tharchur le córas ceistiúcháin Mhód S;

(8) cumhdach Mhód S a iarradh;

(9) ceanglais oibriúcháin shonracha;

(10) Cumas chód SI;

(11) Cumas 'chód oibriúcháin II/SI';

(12) cumas cumhdaigh na léarscáile.

(c) Comhlíonfaidh soláthraí seirbhísí faireachais príomh-mhíreanna leithdháileadh na gcód ceistiúcháin a bheidh faighte aige, lena n-áirítear na míreanna seo a leanas ar a laghad:

(1) an tagairt iarratais chomhfhreagrach ón mBallstát lena mbaineann;

(2) tagairt leithdháilte uathúil ó sheirbhís leithdháilte chóid na gcóras ceistiúcháin;

(3) tagairtí leithdháilte dímholta, de réir mar is gá;

(4) cód ceistiúcháin leithdháilte;

(5) srianta faireachais agus ar an gcumhdach glasála faoi fhoirm raonta teascógtha nó léarscáil chumhdaigh Mhód S;

(6) tréimhse cur chun feidhme ar lena linn sin is gá an leithdháileadh a chlárú sa chóras ceistiúcháin Mhód S arna shainaithint san iarratas;

(7) seicheamh feidhmiúcháin nach mór a chomhlíonadh;

(8) ar bhonn roghnach agus bainteach le roghanna malartacha eile: cnuasmholadh;

(9) srianta oibríochtúla sonracha, de réir mar is gá.

(d) Cuirfidh soláthraí seirbhísí faireachais an Ballstát lena mbaineann ar an eolas gach 6 mhí ar a laghad faoi aon athrú ar phleanáil na suiteála nó ar stádas oibríochtúil na gcóras ceistiúcháin Mhód S incháilithe maidir le haon cheann de phríomh-mhíreanna leithdháileadh na gcód ceistiúcháin a liostaítear i bpointe (c).

(e) Áiritheoidh an soláthraí seirbhísí faireachais go mbaineann gach ceann dá chórais cheistiúcháin Mhód S úsáid as a chód ceistiúcháin leithdháilte go heisiach.';

(6) in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATFM.TR.100:

'**ATFM.TR.100 Modhanna oibre agus nósanna imeachta oibríochta le haghaidh soláthraithe bainistíochta sreibhe aerthráchta**

Beidh soláthraí bainistíochta sreibhe aerthráchta in ann a léiriú go mbeidh a chuid modhanna oibre agus nósanna imeachta oibríochta i gcomhréir le Rialacháin (AE) Uimh. 255/2010 (*) agus (AE) 2019/123 ón gCoimisiún.

_____

(*) Rialachán (AE) Uimh. 255/2010 ón gCoimisiún an 25 Márta 2010 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le bainistíocht na sreibhe aerthráchta (IO L 80, 26.3.2010, lch. 10).';

(7) in Iarscríbhinn X, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ASM.TR.100:

'**ASM.TR.100 Modhanna oibre agus nósanna imeachta oibríochta le haghaidh soláthraithe bainistíochta aerspáis**

Beidh soláthraí bainistíochta aerspáis in ann a léiriú go mbeidh a chuid modhanna oibre agus nósanna imeachta oibríochta i gcomhréir le Rialacháin (CE) Uimh. 2150/2005 (*) agus (AE) 2019/123* ón gCoimisiún.

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2150/2005 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2005 lena leagtar síos rialacha coiteanna maidir le húsáid sholúbtha an aerspáis (IO L 342, 24.12.2005, lch. 20).';

(8) leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad NM.TR.100:

'**NM.TR.100 Modhanna oibre agus nósanna imeachta oibríochta le haghaidh an Bhainisteora Ghréasáin**

Beidh an Bainisteoir Líonra in ann a léiriú go mbeidh a chuid modhanna oibre agus nósanna imeachta oibríochta i gcomhréir Rialacháin (AE) Uimh. 255/2010 agus (AE) 2019/123.';

(b) Cuirtear an Roinn 2 seo a leanas isteach:

'ROINN 2

CEANGLAIS THEICNIÚLA MAIDIR LE FORGHNÍOMHÚ NA bhFEIDHMEANNA LÍONRA A BHAINEANN LE BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA (FEIDHMEANNA LÍONRA)

NM.TR.105 Cóid cheistiúcháin Mhód S a leithdháileadh agus a úsáids

(a) Beidh nós imeachta i bhfeidhm ag an mBainisteoir Líonra lena n-áiritheofar go ndéanfar an méid seo a leanas le córas leithdháilte chóid na gcód ceistiúcháin:

(1) iarratais ar chód córas ceistiúcháin a sheiceáil chun go mbeidh siad i gcomhréir leis na coinbhinsiúin is infheidhme maidir le formáid agus le dáta;

(2) iarratais ar chód córas ceistiúcháin a sheiceáil ó thaobh a n-iomláine, a gcruinnis, agus a dtráthúlachta de;

(3) laistigh de 6 mhí féilire ó dháta an iarratais:

(i) nuashonruithe ar an bplean um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin a ionsamhlú ar bhonn na n-iarratas atá ar feitheamh;

(ii) nuashonrú beartaithe ar an bplean um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin a ullmhú lena fhormheas ag na Ballstáit dá ndéanann sé difear;

(iii) áirithiú go gcomhlíonfaidh an nuashonrú atá beartaithe ar an bplean um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin, a oiread agus is féidir, na ceanglais oibríochtúla maidir le hiarratais ar chód córas ceistiúcháin, ar a dtugtar tuairisc le príomh-mhíreanna (7), (8) agus (9) a liostaítear i bpointe (b) de phointe CNS.TR.205;

(iv) nuashonrú a dhéanamh ar an bplean um leithdháileadh chóid na gcóras ceistiúcháin láithreach tar éis a fhormheasta, agus é a chur in iúl do na Ballstáit, gan dochar do nósanna imeachta náisiúnta um fhaisnéis a chur in iúl a bhaineann le córais cheistiúcháin Mhód S arna n-oibriú ag na fórsaí míleata.

(b) Déanfaidh an Bainisteoir Líonra na bearta is gá chun a áirithiú maidir le haonaid mhíleata a oibríonn córais cheistiúcháin Mhód S incháilithe ar aon chód ceistiúcháin eile seachas II cód 0, agus cóid cheistiúcháin eile atá forchoimeádta le haghaidh bainistíocht mhíleata, go gcomhlíonfaidh na haonaid mhíleata sin na ceanglais maidir le leithdháileadh agus le húsáid cód ceistiúcháin Mhód S.

(c) Déanfaidh an Bainisteoir Líonra na bearta is gá chun a áirithiú maidir le haonaid mhíleata a oibríonn córais cheistiúcháin Mhód S ar II cód 0, nó ar chóid cheistiúcháin eile atá forchoimeádta le haghaidh bainistíocht mhíleata, go ndéanfaidh na haonaid mhíleata sin faireachán ar úsáid eisiach na gcód ceistiúcháin sin chun úsáid neamhchomhordaithe aon chóid cheistiúcháin incháilithe (IC) a sheachaint.

(d) Déanfaidh an Bainisteoir Líonra na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar díobhálach ar shábháilteacht an ghnáth-aerthrácht ag leithdháileadh agus ag úsáid na gcód ceistiúcháin le haghaidh aonaid mhíleata.

NM.TR.110 Bratach a chur le heitiltí atá incháilithe d'aitheantas ar leith agus úsáid á baint as an ngné aitheantais aerárthaigh

(a) Déanfaidh an Bainisteoir Líonra, bunaithe ar an toilleadh aerspáis a dhearbhaítear de réir Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le pointe (b) de phointe ATS.OR.446 den Rialachán seo agus na bpleananna eitilte arna gcomhdú i gcomhréir le pointe SERA.4013 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012, measúnú ar incháilitheacht na heitilte do shannadh chód feiceálachta SSR A1000.

(b) Cuirfidh an Bainisteoir Líonra in iúl do na haonaid seirbhísí aerthrácht uile dá ndéantar difear na heitiltí sin atá incháilithe d'úsáid chód feiceálachta SSR A1000.'